

Imreoirí Óga an Cheantair

Is iomaí éacht atá déanta ag peileadóirí agus go deimhin féin, le roinnt blianta anuas, ag iománaithe óga an pharóiste. Ach anuraidh níor tharla a mhacasamhail ariamh nuair a d'éirigh le scoláirí óga Shailearna an dá mhórchomórtas bunscoile sa ghrád 'B' i nGaillimh; an chraobh pheile agus an chraobh iomána a bhuachaint sa mbliain chéanna. Bhí sé dhá bhliain déag ó shin ó d'éirigh leo an chraobh pheile a thabhairt leo agus ba é seo an chéad uair ariamh ag scoil ó Iarthar na Gaillimhe an chraobh iomána a thabhairt leo sa ghrád seo, ach go dtarlóidh sé sa mbliain chéanna – éacht i measc na n-éachtaí.

Tráthnóna breá samhraidh ar Pháirc an Chnoic d'éirigh lé foireann Sailearna, Scoil Mhuire Maigh Cuilinn a chur de dhroim seoil le farasbarr aon chúilín amháin. B'iontach go deo an cheiliúradh a rinne ógánaigh agus tuismitheoirí an

pharóiste an tráthnóna úd.

Trí seachtainí ina dhiaidh sin arís chuaigh go leor de na gasúir chéanna chun páirce arís, bail ó Dhia 's ó Muire oraibh uilig, thoir ar an Achréidh in aghaidh Scoil Náisiúnta an Uaráin Mhóir sa chraobh iomána.

Bhíodar tar éis an ceann is fearr a fháil ar Eanach Mheáin, Cor an Dola, agus buachaillí An Chaisleáin Ghearr sna babhtaí sraithe. Ar 1.20 i.n., Déardaoin an 23ú Meitheamh, bhí an *double* déanta ag scoláirí Chois Fharraige le farasbarr de sé chúilín.

Tá rian na hoibre a rinne daoine go leor le sonrú sa mhóriarracht seo. Tá obair na gcapall déanta ag Coiste na nÓg C.L.G. Micheál Breathnach sa dá chód le blianta anuas, mar aon le Scéim Phádraicín Conroy agus múinteoirí uile na scoile, ach go háirithe Traolach Ó Conghaile sa pheil. Ba léir gur cuireadh na síolta san earrach na blianta ó shin.

Mar mhúinteoir agus mar thuismitheoir agus mar bhall de C.L.G. Micheál Breathnach, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghlacadh leis na buachaillí agus cailíní ildánacha seo a chuir a gcroithe agus a n-anamacha isteach sa traenáil agus sna cluichí Gaelacha. Bhain mé an oiread sin sásaimh as a bheith in bhur gcuideachta sa bpeil agus san iomáint. Go gcumhdaí Dia sibh.

Ruaidhrí Ó Béarra



Foireann Iomána Scoil Sailearna a bhuaigh chomórtas Chumann na mBunscol sa nGrád B

Ar chúil ó chl: Naoise Ó Gibne, Michelle Ní Choistealbha, Saoirse Howlin, Bernadette Ní Fheinneadha, Fíona Ní Chonghaile, Áine Ní Mhaoláin, Breandán Ó Conghaile, Timmy Ó Conghaile, Ruaidhrí Ó Béarra (Bainisteoir), Macdara Ó Béarra, Gearóid Ó Finneadha, Máirtín Ó Tuathail, Enda Ó Cúláin, Ciarán Ó Conghaile, Éinne Ó Conghaile, Pádraic Ó hAinlí, Éanna Ó Griallais, Donncha Ó hAinmhíre, Rónán Ó Griallais.

Chun tosaigh ó chl: Sinéad Ní Ainlí, Maidhc Ó Conghaile, Ruaidhrí Ó Béarra, Peadar Óg Ó Gríofa, Kevin Ó Conghaile, Rónán Mac Donncha, Cian Breathnach, Stiofán Ó Béarra, Stiofán Ó Céidigh, Fiach Ó Béarra.